Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8150/25**

**PHARM 48**
**SAN 161**
**MI 225**
**AGRILEG 61**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar ceathrar comhaltaí de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar ceathrar comhaltaí de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach[1], agus go háirithe Airteagal 65(1) de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí a chuir an Coimisiún Eorpach faoi bhráid na Comhairle an 5 Feabhra 2025,

Ag féachaint do na tuairimí a léirigh Parlaimint na hEorpa i litir dar dáta an 20 Aibreán 2025,

[1] IO L 136, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/726/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 65(4) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, rachaidh téarma oifige chomhaltaí Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (‘an Bord Bainistíochta’) atá i seilbh oifige faoi láthair in éag an 14 Meitheamh 2025. Tá na comhaltaí den Bhord Bainistíochta a bhfuil a dtéarma oifige le tosú an 15 Meitheamh 2025 le ceapadh i gcomhréir leis an nós imeachta chun comhaltaí a ainmniú agus a cheapadh a leagadh síos i Rialachán (CE) Uimh. 726/2004.

(2) Ceanglaítear le hAirteagal 65(1), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 go n-áireofar ar an mBord Bainistíochta beirt ionadaithe ó eagraíochtaí othar, ionadaí amháin ó eagraíochtaí dochtúirí agus ionadaí amháin ó eagraíochtaí tréidlianna. Tá an Chomhairle leis na comhaltaí sin a cheapadh i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ar bhonn liosta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún ar a bhfuil i bhfad níos mó ainmneacha ná mar atá poist le líonadh. Téarma oifige 3 bliana a bheidh acu agus is féidir é a athnuachan.

(3) Dhréachtaigh an Coimisiún liosta iarrthóirí agus chuir sé faoi bhráid na Comhairle é an 5 Feabhra 2025. Tar éis glao ar léirithe spéise, roghnaíodh na hiarrthóirí atá ar an liosta sin ar bhonn a saincháilíochtaí, an réimse leathan saineolais ábhartha atá acu chomh maith leis an saineolas ábhartha atá acu ar bhainistíocht, agus an taithí atá acu i réimse na dtáirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine nó le haghaidh úsáid tréidliachta.

(4) Scrúdaíodh an liosta a thíolaic an Coimisiún d'fhonn ceathrar comhaltaí den Bhord Bainistíochta a dhéanann ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta a cheapadh, ar bhonn na doiciméadachta a sholáthair an Coimisiún agus i bhfianaise na dtuairimí a chuir Parlaimint na hEorpa in iúl. Le ceapadh na gcomhaltaí sin trí bhíthin an Chinnidh seo ráthaítear go mbeidh na leibhéil is airde saincháilíochtaí, réimse leathan saineolais ábhartha agus an raon geografach is leithne is féidir san Aontas, chomh maith le saineolas ábhartha ar bhainistíocht agus taithí i réimse na dtáirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine nó le haghaidh úsáid tréidliachta, ar fáil sa Bhord Bainistíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar, leis seo, na daoine seo a leanas mar chomhaltaí de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí go ceann tréimhse trí bliana ón 15 Meitheamh 2025:

| EAGRAÍOCHTAÍ OTHAR | EAGRAÍOCHTAÍ DOCHTÚIRÍ | EAGRAÍOCHTAÍ TRÉIDLIANNA |
|---|---|---|
| Marko KORENJAK<br>Virginie HIVERT | Denis LACOMBE | Christophe BUHOT |

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*